C/2025/3186

6.6.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12024 — VENDIS / VERLINVEST / KARAFUN GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/3186)

1. An 27 Bealtaine 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Vendis Capital IV BV/SRL (an Bheilg) ('Vendis Capital IV'),

— Verlinvest SA (an Bheilg),

— KaraFun Group SAS (an Fhrainc).

Gheobhaidh Vendis Capital IV agus Verlinvest comhrialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar KaraFun Group ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste cothromais phríobháidigh Eorpach é Vendis Capital IV,

— Is cuideachta infheistíochta Bheilgeach é Verlinvest arb é a phríomhghnó infheistíochtaí cothromais phríobháidigh agus phoiblí a dhéanamh i gcuideachtaí meánmhéide agus móra atá bunaithe san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus san Áise, i dtionscal na n-earraí tomhaltais brandáilte lena n-áirítear bia agus deochanna, miondíol agus fáilteachas, ríomhthráchtáil, stíl mhaireachtála, na meáin, sláinte agus oideachas,

— Is cuideachta Fhrancach é KaraFun Group atá speisialaithe i ngníomhaíochtaí karaoke. Cuireann sé réitigh dhigiteacha éagsúla ar fáil do chustaiméirí gnó agus do thomhaltóirí, amhail suíomh gréasáin, bogearraí agus feidhmchláir chun seisiúin karaoke a dhéanamh nó a sholáthar, chomh maith le réitigh dhigiteacha oiliúna ceoil do chustaiméirí ar fud an domhain. Oibríonn KaraFun Group sa mhargadh miondíola freisin le beáir karaoke sa Fhrainc agus sa Bheilg.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12024 — VENDIS / VERLINVEST / KARAFUN GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË